



Chuíg: Údaráis Bhunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha

CIORCLÁN PEN 07/05

Athchóiriú Pinsean na Seirbhíse Poiblí: Luathscor neodrach ó thaobh costais a thabhairt isteach

1. Cheadaigh an tAire Airgeadais luathscor neodrach ó thaobh costais don tseirbhís poiblí a thabhairt isteach. Faoi réir na h-incháilitheachta beidh an tsaoráid seo ar fáil d'fhoireann atá ag freastal agus cuirfear ar fáil freisin í, ar feadh tréimhse sonraithe, do dhaoine a d'éirigh as an **1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh sin**, le teideal chuig **sochair aoisliúntais choinnithe**.

Cúlra

2. Bhí aird á tabhairt ag an gCoimisiún um Pinsean na Seirbhíse Poiblí, mar chuid dá théarmaí tagartha, ar éilimh ar fheabhsúcháin do shochair scéime pinsin atá anois ann, lena n-áirítear éilimh ar luathscor deonach.

3. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an saincheist a bhain le rogha níos fearr do sheirbhísigh poiblí i leith scoir, mhol an Coimisiún saoráid a thabhairt isteach a thabharfadh cead do sheirbhísigh poiblí dul ar luathscor le hóc sochar aoisliúntais láithreach, faoi réir laghdú achtúireach chun luathíocaíocht na cnaphuime agus an tréimhse níos faide ina n-íocfaí an pinsean a thabhairt san áireamh.

4. I *mBuiséad 2004*, d'fhógair an tAire Airgeadais gur chinn an Rialtas formhór mholtaí an Choimisiún um Pinsean na Seirbhíse Poiblí a fheidhmiú agus léirigh go ndéanfaí scrúdú an bhféadfaí luathscor rognach le sochair laghdaithe go hachtúireach a fheidhmiú, mar a mhol an Coimisiún. Bhí sin agus saincheistanna eile pléite leis an bhFoireann. D'fhógair an tAire teacht isteach an bhirt an 14 Meán Fómhair 2004 tar éis don Rialtas é a cheadú.

Incháilitheacht

5. Le cáiliú do luathscor neodrach ó thaobh costais ní mór do dhuine:

(i) bheith ag obair in eagraíocht na seirbhíse poiblí mar atá sainmhínithe san Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004,

(ii) bheith mar chomhalta de scéim aoisliúntais an chomhlachta sin,

(iii) teideal a bheith aige nó aici do shochair aoisliúntas coinnithe in aois 60 nó 65 bliain, *agus*

(iv) bheith 50 bliain d'aois ar a laghad agus iad ag éirí as má bhíonn feidhm le 60 bliain mar aois phinsin choinnithe, nó bheith 55 bliain d'aois ar a laghad má bhíonn feidhm le 65 bliain mar aois phinsin choinnithe.

Tabhair ar aird go mbeidh feidhm le 60 bliain mar aois phinsin choinnithe maidir le gach duine atá fostaithe ag scoil ach amháin iad siúd ar iontrálaithe nua iad chuig an tseirbhís poiblí. Beidh feidhm le 65 bliain mar aois phinsin choinnithe maidir le hiontrálaithe nua.

6. Cuirfear an rogha ar shochair aoisliúntais luath neodrach ó thaobh costais ar fáil ar feadh tréimhse shonraithe (tagraíonn mír 23) do dhaoine a **d'éirigh as an 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh**, agus a chomhlíonaigh na critéir incháilitheachta thuasluaite ag an am ar éirigh siad as.
7. I gcásanna seachas iad sin atá clúdaithe i *mír 6* thuas, ní mór an t-iaratas a dhéanamh ar shochair aoisliúntais neodrach ó thaobh costais a tharraingt síos **tráth nach déanaí ná an dáta éirí as**; ní ghlacfar le hiarratais ó dhaoine a bheidh éirithe as cheana féin.

Maidir leis sin tá sé tábhachtach go dtarraingeofar aird aon bhall foirne os cionn 50 bliain d'aois (55 i gcás iontrálaithe nua) a thabharfaidh fógra ó thaobh éirí as, ar chóip den Chiorclán seo.

Coinníollacha

8. Féadfaidh seirbhísigh phoiblí, a chomhlíonann na critéir incháilitheachta atá sonraithe i *míreanna 5-7* thuas, má éiríonn siad as sula sroicheann siad an aois phinsin choinnithe ábharthach, rogha a dhéanamh idir na roghanna seo a leanas:
 - (i) fanacht go dtí aois phinsin choinnithe (60 nó 65 bliain) agus an pinsean coinnithe agus cnapshuim a fháil ar an ngnáthbhealach, *nó*
 - (ii) cur isteach ar íocaíocht láithreach an phinsin choinnithe agus na cnapshuime, agus a mbeidh an dá cheann acu laghdaithe go hachtúireach.
9. Laghdófar a bpinsean agus a gcnapshuim go hachtúireach trí na céatadáin ábharthacha ón tábla ag *mír 10* thíos a fheidhmiú ar a sochair choinnithe, le haon choigeartuithe a bheidh cuí, de réir mar a theastaíonn siad, d'aois chruinn (i.e. laethanta agus blianta) ag am scoir, ar dhaoine a ceadaíodh dóibh an rogha i *mír 8(ii)* thuas (i.e. iad siúd atá ag baint leasa as luathscor neodrach ó thaobh costais).
10. Agus coigeartú á dhéanamh don aois chruinn ag am scoir, ríomhfar pinsean agus cnapshuim de réir na foirmle seo a leanas:

$$[A + ((B/365) \times (C-A))] \times \text{sochar coinnithe bunaithe ar sheirbhís}$$

sa chás

- Gur A an fachtóir laghdaithe achtúireach (pinsean nó cnapshuim, de réir mar is cuí) sa tábla thíos, mar is cuí d'aois an duine ar a bhreithlá is deireanaí,
- Gur B an líon laethanta óna bhreithlá is deireanaí, *agus*
- Gur C an fachtóir laghdaithe achtúireach (pinsean nó cnapshuim, de réir mar is cuí) sa tábla thíos, mar is cuí d'aois an duine ar a bhreithlá tar éis an bhreithlá is deireanaí.

Tábla:

Fachtóirí le feidhmiú ar shochair choinnithe chun sochair laghdaithe go hachtúireach a fháil

Daoine le haois choinnithe de 60

Aois ar bhreithlá is deireanaí	Pinsean	Cnapsh uim
50	62.4%	82.2%
51	65.1%	83.9%
52	67.9%	85.5%
53	71.0%	87.2%
54	74.3%	88.9%
55	77.8%	90.7%
56	81.6%	92.4%
57	85.7%	94.3%
58	90.1%	96.1%
59	94.8%	98.0%

Daoine le haois choinnithe de 65

Aois ar bhreithlá is deireanaí	Pinsean	Cnapsh uim
55	58.2%	82.4%
56	61.1%	84.0%
57	64.1%	85.6%
58	67.4%	87.3%
59	71.0%	89.0%
60	74.8%	90.7%
61	79.0%	92.5%
62	83.6%	94.3%
63	88.5%	96.1%
64	94.0%	98.0%

11. Ba chóir d'fhoireann a roghnaíonn luathscor neodrach ó thaobh costais a thabhairt ar aird go mbíonn feidhm leis an ráta laghdaithe go hachtúireach le linn shaolré íocaíochta pinsin faoi réir coigeartuithe atá ag teacht le pinsin na seirbhíse poiblí, de réir mar is cuí. Ba chóir a thabhairt ar aird freisin nach féidir le duine a roghnaíonn luathscor neodrach ó thaobh costais aistriú ina dhiaidh sin go dtí íocaíocht ghnáthphinsin ag gnáthaois choinnithe (60 nó 65 bliain d'aois).
12. Tá *Samplaí* de roinnt cás luathscoir atá laghdaithe go hachtúireach leagtha amach, mar eolas, ag *Aguisín 1* an Chiorláin seo.

Sriantachtaí

13. Ní mór do Ranna/Oifigí agus comhlachtaí seirbhíse poiblí gach iarratas a bhreithniú i bhfianaise riachtanas gnó. Sa chás go measann scoil go gcruthóidh líon nó cineál na n-iarratas a fuarthas deacrachtaí maidir le hoibriú éifeachtach nó éifeachtúlach na scoile sin, ba chóir dul i gcomhairle leis an Roinn. D'fhéadfadh, i gcásanna den sórt sin, go mbeadh ar an Roinn, i gcomhairle leis an scoil ábharthach agus le hionadaithe foirne ábharthacha, de réir mar is cuí, tosaíocht a thabhairt d'iarratais nó roinnt sriantachtaí a chur ar an líon/na leibhéil a cheadófar i dtréimhse áirithe.

Seirbhís Nóiseanúil a Cheannach

14. Ba chóir a thabhairt ar aird sa chás go roghnaíonn duine, a cheannaigh seirbhís nó atá ag dul trí phróiseas chun seirbhís a cheannach faoin scéim cheannaigh nóiseanúil, luathscor neodrach ó thaobh costais, go mbeidh tionchar aige sin ar mhéid na seirbhíse ceannaithe.

I gcás duine a mbeidh aois phinsin choinnithe de 60 bliain aige nó aici, atá ag ceannach seirbhíse nóiseanúla (go dtí aois 65 bliain) agus a roghnaíonn luathscor neodrach ó thaobh costais (ie a roghnóidh dul ar scor ar phinsean roimh aois 60 bliain), feidhmeofar ar dtús fachtóirí laghdaithe achtúireacha na scéime ceannaithe nóiseanúla a bheidh ábharthach do phinsean in aois 60 bliain (don mhéid chomhréir seirbhíse nóiseanúla a ceannaíodh nó – sa chás gur ceannaíodh le cnapshuim – méid iomlán seirbhíse nóiseanúla faoi chonradh). Ar an dara dul síos, lena léiriú go bhfuil an duine ag dul ar scor roimh aois 60 bliain, cuirfear an tseirbhís dá bharr sin leis an tseirbhís iarbhír agus leis an bhfachtóir luathscoir neodrach ó thaobh costais a bheidh ábharthach ón Tábla Aois Choinnithe 60 curtha i bhfeidhm leis na sochair choinnithe ag eascairt as an tseirbhís chomhiomlán (*Tagraíonn samplaí 3 agus 7*).

I gcás duine a mbeidh aois phinsin choinnithe de 60 bliain aige nó aici, atá ag ceannach seirbhís nóiseanúil go dtí aois 60 bliain agus a roghnaíonn luathscor neodrach ó thaobh costais (ie a roghnaíonn dul ar scor ar phinsean roimh aois 60 bliain), ní bheidh feidhm le factóirí laghdaithe achtúireacha na scéime ceannaithe nóiseanúla. Cuirfear an méid comhréir seirbhíse nóiseanúla a ceannaíodh nó – sa chás gur ceannaíodh le cnapshuim – méid iomlán seirbhíse nóiseanúla faoi chonradh leis an tseirbhís iarbhír agus feidhmeofar an factóir luathscor neodrach ó thaobh costais a bheidh ábharthach ón Tábla Aois Choinnithe 60 leis na sochair choinnithe ag eascairt as an tseirbhís chomhiomlán (*Tagraíonn sampla 4*).

I gcás duine a mbeidh aois phinsin choinnithe de 65 bliain aige nó aici, atá ag ceannach seirbhís nóiseanúil (go dtí aois 65 bliain) agus a roghnaíonn luathscor neodrach ó thaobh costais (ie a roghnaíonn dul ar scor ar phinsean roimh aois 65 bliain), ní bheidh feidhm le factóirí laghdaithe achtúireacha na scéime ceannaithe nóiseanúla. Cuirfear méid comhréir seirbhíse nóiseanúla a ceannaíodh nó – sa chás gur ceannaíodh le cnapshuim – méid iomlán seirbhíse nóiseanúla faoi chonradh leis an tseirbhís iarbhír agus feidhmeofar an factóir luathscor neodrach ó thaobh costais a bheidh ábharthach ón Tábla Aois Choinnithe 65 leis na sochair choinnithe ag eascairt as an tseirbhís chomhiomlán (*Tagraíonn sampla 8*).

Cuimhnigh go mbeidh feidhm leis an aois phinsin choinnithe de 65 i leith iontrálaithe nua d'fhostaíocht scoileanna (agus don chuid is mó d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí).

Scéimeanna Pinsin Céilí agus Leanaí

15. Ní bheidh tionchar ar Shochair iníoctha faoi Scéimeanna Pinsin Céilí agus Leanaí ag cinneadh chun glacadh le luathscor in áit sochar coinnithe, i.e. beidh aon shochair iníoctha faoi Scéimeanna Pinsin Céilí agus Leanaí le marthanóirí daoine a théann ar luathscor mar an gcéanna leo sin a bheidh iníoctha le marthanóirí fhoireann a roghnaíonn sochair a choinneáil.

Pinsin Fhorlíontacha

16. Féadfar pinsin fhorlíontacha, nuair is cuí, a bheith íoctha ag an Roinn, ar iarratas, le daoine a théann ar luathscor neodrach ó thaobh costais ach ní bheidh siad iníoctha i leith tréimhsí roimh aois phinsin choinnithe ábharthach a shroich (60 nó 65 bliain, de réir mar is cuí). Tá na himthosca ina bhfuil Pinsean Forlíontach iníoctha leagtha amach in *Aguisín 2*, atá ag gabháil leis an gcioclán seo.

Impleachtaí do Shochair Leasa Shóisialaigh

17. Toisc gur féidir leis na socruithe chun creidiúintí Leasa Shóisialaigh a chinntiú a athrú ó am go ham, moltar do gach fostaí (cibé aicme ÁSPC) a chás féin nó a cás féin a sheiceáil leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh roimh dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais agus an staid cothrom le dáta a fhiosrú go tréimhsiúil. Má mhainníonn siad sin a dhéanamh d'fhéadfadh sin drochthionchar a imirt ar an teideal a bheadh ag fostaí ina dhiaidh sin ar shochair leasa shóisialaigh, ar nós pinsin scoir, pinsin seanaoise nó pinsin mharthanóra.

Filleadh ar fhostaíocht seirbhíse poiblí

18. Sa chás go bhfilléann fostaí scoile atá imithe ar luathscor neodrach ó thaobh costais ar fhostaíocht seirbhíse poiblí seachas san earnáil oideachais, leanfar le híoc an pinsin.

Sa chás go bhfillfidh fostaí den sórt sin ar fhostaíocht in earnáil oideachais na seirbhíse poiblí, beidh an pinsean faoi réir laghdaithe. Faoi na rialacha laghdaithe, ní bheidh pinsean iníoctha i leith aon tréimhse ina sáróidh an ráta nua pá an seanráta pá (ie an luach saothair inphinsin a bunaíodh an pinsean air, uasráitithe chuig rátaí reatha). Sa chás go mbeidh an ráta nua pá níos lú ná an seanráta pá ach go mbeidh an seanráta pá sáraithe ag comhiomlán an pá nua agus an pinsean, laghdófar go comhréireach an pinsean iníoctha.

Áiríonn eárnáil oideachais na seirbhíse poiblí gach post múinteoireachta arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, gach fostaíocht i scoileanna aitheanta, Institiúid Teicneolaíochta, Coláistí Oideachais, Ollscoileanna agus Coistí Gairmoideachais agus gach fostaíocht in eagraíochtaí eile a bhaineann le hoideachas arna maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

19. D'ainneoin na bhforálacha atá in *mír 18* thuas, ní féidir seirbhís ar íocadh pinsean laghdaithe go hachtúireach ina leith a chur i gcomhiomlán le seirbhís ina dhiaidh sin sa scéim aoisliúntais chéanna nó a aistriú idir scéimeanna aoisliúntais.
20. Ba chóir a thabhairt ar aird, mar is amhlaidh don éirí as i gcoitinne, nach mbeidh teideal ar fhilleadh chun oibre sa tseirbhís poiblí ag duine a théann ar luathscor neodrach ó thaobh costais, ach amháin trí ghnáth nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin.

Iarratais

21. Tá foirmeacha iarratais ar luathscor neodrach ó thaobh costais ar fáil ón Roinn. Ba chóir na foirmeacha comhlánaithe a chur, tríd an scoil, ar ais chuig an Roinn. Sa chás go measann an scoil go gcruthóidh líon nó cineál na n-iarratas a fuarthas deacrachtaí maidir lena riachtanais ghnó a chomhlíonadh, ba chóir an Roinn a chur ar an eolas dá réir (dá bhforáil i *mír 13*).

Cuirfear téarmaí an tsocraithe i scríbhinn chuig daoine a théann ar luathscor neodrach ó thaobh costais roimh an dáta scoir. Cuimhneofar nach mbreithneofar iarratais ar íocaíocht shochar aoisliúntais laghdaithe go hachtúireach ó iarbhail foirne a bhíonn éirithe as cheana féin, ach amháin i gcás na n-eisceachtaí arna bhforáil i *mír 6* thuas.

Thug an Roinn Airgeadais le fios go bhféadfaidh fostaithe comhlachtaí seirbhíse poiblí áirithe, lena n-áirítear scoileanna, leas a bhaint as Múnlóir na bPinsean do Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse, a seoladh le déanaí (féach www.cspensions.gov.ie), agus iad ag déanamh meastúcháin ar na sochair atá ar fáil faoi luathscor neodrach ó thaobh costais.

Chomh maith leis sin, beidh na Samplaí tugtha in Aguisín 1 an Chiorcláin seo ina gcúnamh ag déanamh meastúcháin ar na sochair atá ar fáil faoi luathscor neodrach ó thaobh costais.

Monatóireacht agus Athbhreithniú

22. Déanfaidh an Roinn monatóireacht go cúramach ar oibriú na saoráide luathscoir neodrach ó thaobh costais agus coinneoidh sí taifead ar líon na n-iarratas maidir le grád, aois, bheith páirtaimseartha/ag roinnt poist/lánaimseartha, suíomh geografach agus gnéas. Déanfaidh an Roinn Airgeadais monatóireacht ar ghlacadh na scéime thar an tseirbhís phoiblí agus tabharfaidh sí faoin scéim agus faoina hoibriú a athbhreithniú i gceann trí bliana.

Scaipeadh

23. Ba chóir an Ciorclán seo a thabhairt ar aird gach fostaí inphinsin atá i seirbhís faoi láthair sa scoil (lena n-áirítear fostaithe ar shaoire mháithreachais, ar shos ghairme, ar shaoire am-téarma nó ar chineálacha eile saoire). Is fostaithe inphinsin iad múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus fostaithe eile ar chomhaltaí scéim phinsin na seirbhíse poiblí iad.

Tabharfaidh an Roinn an Ciorclán ar aird gach iar-fhostaí a d'éirigh as an 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh agus a chomhlíon na critéir incháilitheachta arna sonrú i *mír 5* an Chiorcláin seo ag tráth a n-éirí as.

Fostaithe a bhí ar Shos Gairme an 1 Aibreán 2004.

24. Féadfaidh fostaithe a bhí ar shos gairme an 1 Aibreán 2004 agus nach ndeachaigh ar ais ar an obair ó shoin, iarratas a dhéanamh ar luathscor neodrach ó thaobh costais le héifeacht ón gcéad dáta tar éis 1 Aibreán 2004 ar a bhféadfadh siad, de réir comhaontaithe na Scéime Sos Gairme, filleadh ar an obair.

Baint faoi leith le múinteoirí

25. Faoi shocrúithe atá ann le fada an lá, foráiltear do mhúinteoirí (nach iontrálaithe nua iad) dul ar scor go deonach, gan aon laghdú achtúireach, sa chás go mbeidh 55 bliain d'aois sroichte acu agus go mbeidh seirbhís áirithe faighte acu. Is é an riachtanas seirbhíse i gcás múinteoirí den sórt sin:-

- 33 bliain i gcás mhúinteora le 4 bliain nó níos mó d'oiliúint réamh-sheirbhíse acu;
- 34 bliain i gcás mhúinteora le 3 bliain d'oiliúint réamh-sheirbhíse acu;
- 35 bliain i gcás mhúinteora le níos lú ná 3 bliain d'oiliúint réamh-sheirbhíse acu.

Is í an éifeacht a bheidh ag luathscor neodrach ó thaobh costais a thabhairt isteach i gcás múinteoirí (nach iontrálaithe nua iad) ná cead a thabhairt dóibh dul ar scor go deonach fiú sa chás nach mbeidh 55 bliain sroichte acu (ach go mbeidh 50 bliain sroichte acu) nó sa chás nach mbeidh an tseirbhís arna sonrú faoi na socruithe atá ann le fada an lá a bheith faighte acu.

As na Samplaí in *Aguisín 1*, is samplaí iad Samplaí 1 agus 5 d'fheidhmiú na bhfachtóirí luathscóir neodrach ó thaobh costais i gcás fostaithe faoi bhun 55 bliain d'aois. Bheadh *Sampla 1* tipiciúil maidir le fostaithe a bhfuil pinsean neamh-chomhordaithe iníoctha leo, ie fostaithe atá in Aicme D ÁSPC ag am scoir/éirí as. Bheadh *Sampla 5* tipiciúil maidir le fostaithe a bhfuil pinsean comhordaithe iníoctha leo, ie fostaithe atá in Aicme A ÁSPC ag am scoir/éirí as.

Fiosrúcháin

26. Ba chóir fiosrúcháin maidir le forálacha an Chiorcláin seo ag fostaithe scoile, (seachas foireann neamh-mhúinteoireachta áirithe i scoileanna Pobail agus i Scoileanna Cuimsitheacha – féach thíos) a chur ar aghaidh chuig an seoladh seo a leanas:-

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
COR NA MADADH, ÁTH LUAIN
CONTAE NA hÍARMHÍ

Ba chóir fiosrúcháin ó mhúinteoirí bunscoile a sheoladh chuig AN RANNÓG PINSEAN (BUNOIDEACHAIS) nó ar an teileafón chuig 090-648 3993 nó chuig 01-873 4700: folíne 3993.

Ba chóir fiosrúcháin ó mhúinteoirí meánscoile, scoileanna pobail nó scoileanna cuimsitheacha a sheoladh chuig AN RANNÓG PINSEAN (MEÁNOIDEACHAIS) nó ar an teileafón chuig 090-648 3994 nó chuig 01-873 4700: folíne 3994.

Ba chóir fiosrúcháin ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta a sheoladh chuig AN RANNÓG PINSEAN (Cúntóirí Riachtanas Speisialta) nó ar an teileafón chuig 090-648 4005 nó chuig 01-873 4700: folíne 4005.

Ba chóir fiosrúcháin ó fhoireann chléireachais inphinsin i mbunscoileanna agus i meánscoileanna deonacha a sheoladh chuig AN RANNÓG PINSEAN (Cléireachas) nó ar an teileafón chuig 090-648 3657 nó 090 648 3658 nó chuig 01-873 4700: folíne 3657 nó 3658.

Ba chóir fiosrúcháin ó fhoireann chléireachais agus cothabhála inphinsin i Scoileanna Pobail agus i Scoileanna Cuimsitheacha a sheoladh chuig an Rannóg Riaracháin Iarbhunioideachais, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí nó ar on teileafón chuig 0506-24334 nó 0506-24336.

Tá an ciorclán seo ar fáil freisin ar láithreáin gréasán na Roinne, www.education.ie

John Feeney
Príomhoifigeach
An tAonad Pinsean
20 Bealtaine 2005

Samplaí de Luathscor Neodrach ó thaobh Costais

[**Nóta:** Ba chóir d'fhoireann atá ag roghnú luathscor neodrach ó thaobh costais tabhairt ar aird go mbeidh feidhm leis an ráta laghdaithe go hachtúreach le linn shaolré íocaíochta an phinsin.]

A: Foireann lena bhfuil pinsean neamh-chomhordaithe iníoctha

I gcás foirne den sórt sin, go bunúsach iad siúd atá ag íoc ráta D ÁSPC ag am éirí as nó scoir, ríomhtar sochair aoisliúntais mar seo a leanas:-

Cnapshuim = $3/80^ú$ x (Tuarastal Bliantúil Deiridh) x (seirbhís inphinsin iomlán)

Pinsean = $1/80^ú$ x (Tuarastal Bliantúil Deiridh) x (seirbhís inphinsin iomlán)

Tabhair ar aird, chun críche sochair aoisliúntais a ríomh, go léirítear seirbhís inphinsin iomlán i mblianta, lena n-áirítear an codán cuí de bhliain sa chás go sáraíonn seirbhís iomlán iolraitheach bhlianta iomlána. Mar shampla, léireofaí seirbhís inphinsin de 30 bliain + 219 lá mar 30.6 bliain.

SAMPLA 1: Scor in aois 53

Téann duine lena bhfuil pinsean neamh-chomhordaithe iníoctha, le haois choinnithe de 60, ar scor ar a bhreithlá/a breithlá.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €50,000 **Aois:** 53 **Seirbhís Ináirithe ag Aois Phinsin Choinnithe (60):** 30 bliain

Ríomhadh na Cnapshuime Coinnithe:- $3/80 \times €50,000 \times 30 = €56,250$

Ríomhadh an Phinsin Choinnithe:- $1/80 \times €50,000 \times 30 = €18,750$

Sochair Aoisliúntais

Más ag roghnú sochair a choinneáil

Más ag dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais

Dlite in aois 60 (i.e. i gceann 7 bliain)

Dlite anois

Cnapshuim: €56,250

€49,050 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 87.2%)

Pinsean bliantúil: €18,750

€13,313 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 71.0%)

SAMPLA 2: Scor in aois 53 bliain agus 219 lá (55.6 bliain)

Téann duine lena bhfuil pinsean neamh-chomhordaithe iníoctha, le haois choinnithe de 60, ar scor idir laethanta breithe.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €40,000 Aois: 55 bliain, 219 lá
Seirbhís Ináirithe ag Aois Phinsin Choinnithe (60): 30 bliain

Ríomhadh na Cnapshuime Coinnithe:- €40,000 x 3/80 x 30 = €45,000

Ríomhadh an Phinsin Choinnithe:- €40,000 x 1/80 x 30 = €15,000

Feidhmigh foirmle **[A + ((B/365) x (C-A))] x pinsean coinnithe**, sa chás go bhfuil:

A = 77.8% (fachtóir laghdaithe pinsin in aois 55)

B = 219 (líon na laethanta ón bhreithlá deiridh)

C = 81.6% (fachtóir laghdaithe pinsin in aois 56)

[77.8% + ((219/365) x (81.6% - 77.8%))] x €15,000 =

[77.8% + (0.6 x 3.8%)] x €15,000 =

[77.8% + 2.28%] x €15,000 =

80.08% x €15,000 = pinsean bliantúil laghdaithe go hachtúireach = €12,012

Ar an gcaoi céanna, cnapshuim choinnithe = €45,000 agus cnapshuim laghdaithe go hachtúireach = €41,274

Sa chás go bhfuil, A = 90.7% (fachtóir laghdaithe pinsin in aois 55)

B = 219 (líon na laethanta ón bhreithlá deiridh)

C = 92.4% (fachtóir laghdaithe pinsin in aois 56)

SAMPLA 3: Seirbhís nóiseanúil ceannaithe (conradh go dtí aois 65)

Téann duine lena bhfuil pinsean neamh-chomhordaithe iníoctha, a bhfuil aois choinnithe de 60 bliain aige nó aici agus atá ag ceannach 5 bliain de sheirbhís nóiseanúil trí ranníocaí tréimhsiúla ó aois 30 go dtí aois 65, ar scor ar a bhreithlá/a breithlá.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €50,000 Aois: 58
Seirbhís Ináirithe ag Aois Phinsin Choinnithe (60): 28 bliain +
2.72/3.56 bliain ceannaithe (*)

Ríomhadh na Cnapshuime Coinnithe:- €50,000 x 3/80 x 31.56 = €59,175

Ríomhadh an Phinsin Choinnithe:- €50,000 x 1/80 x 30.72 = €19,200

Sochair Aoisliúntais

Más ag roghnú sochair a choinneáil

Más ag dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais

Dlíte in aois 60 (i.e. i gceann 2 bliain)

Dlíte anois

Cnapshuim: €59,175

€56,867 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 96.1%)

Annual pinsean: €19,200

€17,299 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 90.1%)

(*) Laghdaítear 5 bliain nóiseanúla atá á gceannach thar an 35 bliain go dtí aois 65 (faoi théarmaí na Scéime Cheannaigh Nóiseanúil) go dtí 2.72 bliain (pinsean) agus go dtí 3.56 bliain (cnapshuim) chun iad seo a leanas a thabhairt san áireamh: (i) deireadh ranníocaí tar éis 28 bliain seachas 35 bliain:- laghdaíonn sin an tseirbhís faoi chonradh go dtí 4 bliain, (5 x 28/35 = 4) agus (ii) sochar a tharraingt síos faoi threoir aois phinsin choinnithe de 60 bliain:- laghdaíonn sin an 4 bliain a eascraíonn as sin trí na fachtóirí seirbhíse nóiseanúla d'aois 60 bliain a fheidhmiú (ó na Táblaí Seirbhíse Nóiseanúla Conradh-go dtí-65 bliain) (4 x 0.89 = 3.56 bliain do chnapshuim, 4 x 0.68 = 2.72 bliain do phinsean).

SAMPLA 4: Seirbhís nóiseanúil cheannaithe (conradh go dtí aois 60)

Téann duine lena bhfuil pinsean neamh-chomhordaithe iníoctha, a bhfuil aois choinnithe de 60 bliain aige nó aici agus atá ag ceannach 5 bliain de sheirbhís nóiseanúil trí ranníocaí tréimhsiúla ó aois 30 go dtí aois 60, ar scor ar a bhreithlá/a breithlá.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €50,000 **Aois: 58**
Seirbhís Ináirithe ag Aois Phinsin Choinnithe (60): 28 bliain +
4.6667 bliain ceannaithe (*)

Ríomhadh na Cnapshuime Coinnithe:- $€50,000 \times 3/80 \times 32.6667 = €61,250$
Ríomhadh an Phinsin Choinnithe:- $€50,000 \times 1/80 \times 32.6667 = €20,417$

Sochair Aoisliúntais

Más ag roghnú sochair a choinneáil ***Más ag dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais***

Dlite in aois 60 (i.e. i gceann 2 bhliain) ***Dlite anois***

Cnapshuim:	€61,250	€58,861 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 96.1%)
Pinsean Bliantúil:	€20,417	€18,396 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 90.1%)

(*) Laghdaítear 5 bliain nóiseanúla atá á gceannach thar an 30 bliain go dtí aois 60 (faoi théarmaí na Scéime Cheannaigh Nóiseanúil) go dtí 4.6667 bliain chun deireadh ranníocaí tar éis 28 bliain seachas 30 bliain, ($5 \times 28/30 = 4.6667$) a thabhairt san áireamh. Níl na fachtóirí laghdaithe achtúireacha Sheirbhíse Nóiseanúla infheidhme leis an seirbhís a eascraíonn as sin toisc go bhfuil an pinsean coinnithe á ríomh faoi threoir aois 60, atá díreach cosúil le dáta aibíochta an chonartha seirbhíse nóiseanúla.

B: Foireann lena bhfuil pinsean comhordaithe iníoctha

I gcás foirne den sórt sin, go bunúsach iad siúd atá ag íoc ráta A ÁSPC ag am éirí as nó scoir, déantar an Pinsean, ach ní dhéantar an Chnapshuim, a chomhordú le Pinsean Ranníocach Seanaoise Leasa Shóisialaigh. Dá bhrí sin, ríomhtar an Chnapshuim mar seo a leanas:-

$$\text{Cnapshuim} = 3/80^{\text{ú}} \times (\text{Tuarastal Bliantúil Deiridh}) \times (\text{seirbhís inphinsin iomlán})$$

I gcás an Phinsin, cinneadh modh nua comhordaithe ag an Rialtas tar éis molta ó chomhghrúpa oibre ceardchumainn/bainistíochta. Tá an modh nua deartha chun deis a thabhairt d'fhoireann a thuilleann níos lú ná tairseach sonraithe Pinsean níos airde a fháil ná mar a bheadh iníoctha faoin modh roimhe seo. Sonraítear an tairseach sin mar 3 agus aon trian oiread uasráta pearsanta bliantúil an Phinsin Ranníocaigh Seanaoise agus is éard atá ann faoi láthair – agus ó Eanáir 2005 - €31,186. Beidh an modh nua, a bheidh á oibriú le héifeacht ó 1 Eanáir 2004, mar ábhar chiorcláin ar leithligh go luath.

Faoin modh nua, ríomhtar Pinsean, do gach bliain seirbhíse, mar $1/200^{\text{ú}}$ den chuid sin den Tuarastal Bliantúil Deiridh nach sáraíonn an Tairseach, in éineacht le (de réir mar is cuí) $1/80^{\text{ú}}$ den chuid sin den Tuarastal Bliantúil Deiridh a sáraíonn an Tairseach.

D'fhéadfadh Pinsean Forlíontach a bheith iníoctha ag an Roinn freisin, in imthosca áirithe, ó aois 60 nó 65 bliain de réir mar is cuí (ie ag brath ar an bhfuil aois phinsin choinnithe de 60 nó 65 bliain ag an mball foirne). Tugtar mionsonraí an Phinsin Fhorlíontaigh in Aquisín 2 atá ag gabháil le seo.

SAMPLA 5: Scor in aois 50 bliain

Téann duine lena bhfuil pinsean comhordaithe iníoctha, a bhfuil aois choinnithe de 60 bliain aige nó aici ar scor ar a bhreithlá/a breithlá.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €40,000 **Aois:** 50 **Seirbhís Ináirithe ag aois phinsin choinnithe (60):** 30 years

Ríomhadh na Cnapshuime Coinnithe:- €40,000 x 3/80 x 30 = €45,000
Ríomhadh an Phinsin Choinnithe:- [€31,186 x 30/200] + [€8,814 x 30/80] = €7,983
(**Tabhair aird** go bhfuil, chun críche an phinsin choinnithe a ríomh:-
Tuarastal Deiridh de €40,000 = €31,186 + €8,814)

Sochair Aoisliúntais

Más ag roghnú sochair a choinneáil

Más ag dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais

Dlíte in aois 60 (i.e. i gceann 10 bliain)

Dlíte anois

Cnapshuim: €45,000

€36,990 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 82.2%)

Pinsean Bliantúil: € 7,983

€ 4,981 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 62.4%)

SAMPLA 6: Scor in aois 62 bliain

Téann duine lena bhfuil pinsean comhordaithe iníoctha, a bhfuil aois choinnithe de 65 bliain aige nó aici (ie iontrálaí nua chuig an tseirbhís phoiblí) ar scor ar a bhreithlá/a breithlá.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €25,000 Aois: 62 Seirbhís Ináirithe ag aois phinsin choinnithe (65): 37 years

Sochair Aoisliúntais

Más ag roghnú sochair a choinneáil

Más ag dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais

Dlíte in aois 65 (i.e. i gceann 3 bliain)

Dlíte anois

Cnapshuim: €34,688 €32,710 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 94.3%)
Pinsean Bliantúil: € 4,625 (*) € 3,867 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 83.6%)

(*) Ríomhtar Pinsean Coinnithe, sa chás seo, mar €25,000 x 37/200 (os rud é go bhfuil an Tuarastal Bliantúil Deiridh níos lú ná €31,186).

SAMPLA 7: Seirbhís nóiseanúil ceannaithe – Aois choinnithe de 60 bliain

Téann duine lena bhfuil pinsean comhordaithe iníoctha, a bhfuil aois choinnithe de 60 bliain aige nó aici agus atá ag ceannach 5 bliain de sheirbhís nóiseanúil trí ranníocaí tréimhsiúla ó aois 30 go dtí aois 65, ar scor ar a bhreithlá/a breithlá.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €55,000 Aois: 55 Seirbhís Ináirithe ag aois Phinsin Choinnithe (60): 25 bliain móide 2.4286/3.1785 bliain ceannaithe (*)

Sochair Aoisliúntais

Más ag roghnú sochair a choinneáil

Más ag dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais

Dlíte in aois 60 (i.e. i gceann 5 bliain)

Dlíte anois

Cnapshuim: €58,118 €52,713 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 90.7%)
Pinsean Bliantúil: €12,442 € 9,680 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 77.8%)

(*) Laghdaítear 5 bliain nóiseanúil atá á gceannach thar an 35 bliain go dtí aois 65 (faoi théarmaí na Scéime Ceannaigh Nóiseanúla) go dtí 2.4286 bliain (pinsean) agus go dtí 3.1785 bliain (cnapshuim) chun iad seo a leanas a thabhairt san áireamh: (i) deireadh ranníocaí tar éis 25 bliain seachas tar éis 35 bliain:- laghdaíonn sin an tseirbhís faoi chonradh go dtí 3.5714 bliain, ($5 \times 25/35 = 3.5714$) agus (ii) tarraingt síos sochair faoi threoir aois phinsin choinnithe de 60 bliain:- laghdaíonn sin an 3.5714 a eascraíonn as sin trí na fachtóirí seirbhíse nóiseanúla d'aois 60 bliain a fheidhmiú (ó na Táblaí Seirbhíse Nóiseanúla Conradh-go dtí-65 bliain) ($3.5714 \times 0.89 = 3.1785$ bliain do chnapshuim, $3.5714 \times 0.68 = 2.4286$ bliain do phinsean).

SAMPLA 8: Seirbhís nóiseanúil ceannaithe – Aois choinnithe de 65 bliain

Téann duine lena bhfuil pinsean comhordaithe iníoctha, a bhfuil aois choinnithe de 65 bliain aige nó aici (agus mar sin gur iontrálaí nua chuig an tseirbhís phoiblí é nó í) agus atá ag ceannach 5 bliain de sheirbhís nóiseanúil trí ranníocaí tréimhsiúla ó aois 30 go dtí aois 65, ar scor ar a bhreithlá/a breithlá.

Tuarastal Bliantúil Deiridh: €55,000 Aois: 58 Seirbhís Ináirithe ag aois Phinsin
Choinnithe (65): 28 bliain +
4 bliain ceannaithe (*)

Sochair Aoisliúntais

Más ag roghnú sochair a choinneáil

Más ag dul ar luathscor neodrach ó thaobh costais

Dlíte in aois 65 (i.e. i gceann 7 bliain)

Dlíte anois

Cnapshuim:	€66,000	€57,618 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 87.3%)
Pinsean Bliantúil:	€14,515	€ 9,783 (ag feidhmiú fachtóra laghdaithe de 67.4%)

(*) Laghdaítear 5 bliain nóiseanúil á gceannach thar an 35 bliain go dtí aois 65 (faoi théarmaí na Scéime Ceannaigh Nóiseanúil) go dtí 4 bliain chun deireadh ranníocaí tar éis 28 bliain seachas tar éis 35 bliain a thabhairt san áireamh:- $(5 \times 28/35 = 4)$. Níl na fachtóirí laghdaithe achtúireacha Sheirbhíse Nóiseanúla infheidhme leis an seirbhís a eascraíonn as sin toisc go bhfuil an pinsean coinnithe á ríomh faoi threoir aois 65, atá díreach cosúil le dáta aibíochta an chonartha seirbhíse nóiseanúla.

Pinsean Forlíontach.

Beidh fostaithe a íocann ÁSPC ag an ráta iomlán (Aicme A) incháilithe chun sochair agus pinsin leasa shóisialaigh a fháil. Mar gheall ar sin, déantar pinsean ceirde fhostaí den sórt sin a chomhordú le Pinsean Ranníocach Seanaoise leasa shóisialaigh. Ar an gcaoi céanna, déantar ranníocaí aoisliúntais a chomhordú agus bíonn siad ag ráta níos ísle ná mar a bheadh iníoctha dá mbeadh an fostaí in Aicme D ÁSPC.

Is gné choitianta de scéimeanna pinsean ina mbíonn fostaithe ar ráta iomlán ÁSPC é an comhordú. Is é cuspóir an chomhordaithe a chinntiú go mbíonn comhiomlán an phinsin comhordaithe agus an tsochair Leasa Shóisialaigh neaschothrom leis an bpinsean ceirde a bhíonn iníoctha le duine nach bhfuil ar iomlán ráta ÁSPC.

Toisc go mbeidh an pinsean comhordaithe níos lú ná an pinsean ceirde iomlán a bheadh iníoctha dá mbeadh an fostaí in Aicme D ÁSPC, forálar d'íocaíocht Pinsin Forlíontaigh ag an Roinn in imthosca áirithe.

Féadfar Pinsean Forlíontach a íoc sa chás

- (a) nach bhfuil an duine fostaithe i gcumas ar bith a bhaineann le híocaíocht ranníocaíocha árachais shóisialaigh agus
- (b) **mar gheall ar imthosca nach féidir leis nó léi a rialú**, go dteipeann air nó uirthi cáiliú do shochair Leasa Shóisialaigh áirithe **nó** go gcáilíonn sé nó sí do shochair den sórt sin ag ráta níos ísle ná an uasráta pearsanta. Is iad na sochair Leasa Shóisialaigh atá i gceist ná :
 - Sochar Dífhostaíochta
 - Sochar Míchumais
 - Pinsean Easláinte
 - Pinsean Scor
 - Pinsean Ranníocach Seanaoise.

Beidh an Pinsean Forlíontach go ginearálta cothrom leis an difríocht idir an pinsean ceirde iomlán (i.e an pinsean a bheadh iníoctha mura mbeadh an pinsean comhordaithe), agus comhiomlán

- (i) an phinsin chomhordaithe iníoctha agus
- (ii) an ráta pearsanta d'aon shochar leasa shóisialaigh iarbhír a d'fhéadfadh a bheith iníoctha.